# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2021/156 ÓN gCOIMISIÚN

**an 9 Feabhra 2021**

**lena ndéantar sainordú an Ghrúpa Eorpaigh um Eitic san Eolaíocht agus sna Nuatheicneolaíochtaí a athnuachan**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cumhdaítear na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe. In Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tugtar don Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh an stádas dlí céanna leis na Conarthaí agus foráiltear ann gur prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais a bheidh sna cearta bunúsacha mar atá siad ráthaithe leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus mar a thig siad as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit.

(2) Ar an 20 Samhain 1991, bheartaigh an Coimisiún eitic a ionchorprú sa phróiseas cinnteoireachta le haghaidh taighde Comhphobail agus beartais forbartha teicneolaíochta tríd an nGrúpa Comhairleoirí maidir le hImpleachtaí Eiticiúla na Biththeicneolaíochta ("GAEIB") a chur ar bun.

(3) An 16 Nollaig 1997, bheartaigh an Coimisiún an Grúpa Eorpach um Eitic san Eolaíocht agus sna Nuatheicneolaíochtaí ("EGE") a chur in ionad GAEIB trí shainordú an ghrúpa a leathnú chun gach réimse de chur i bhfeidhm na heolaíochta agus na teicneolaíochta a chumhdach. Rinneadh sainordú EGE a athnuachan ina dhiaidh sin, den uair is déanaí le Cinneadh 2016/835 (AE) ón gCoimisiún ([1]) le haghaidh tréimhse 5 bliana, tréimhse a dtiocfaidh deireadh léi an 28 Bealtaine 2021.

(4) Is iomchuí sainordú EGE a athnuachan i ndiaidh an dáta sin, ar feadh tréimhse ama éiginnte, agus chun baill nua a cheapadh, i gcomhréir le Cinneadh C(2016) 3301 final ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2016 lena mbunaítear rialacha cothrománacha is infheidhme maidir le grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin a chruthú agus a oibriú grúpaí saineolaithe ("na rialacha cothrománacha").

(5) Ba cheart do EGE leanúint de chomhairle neamhspleách a sholáthar don Choimisiún ar an leibhéal cothrománach maidir le beartais agus reachtaíocht uile de chuid an Aontais ina bhfuil baint ag gné eiticiúil, shochaíoch nó ó thaobh na gceart bunúsach de le forbairt na heolaíochta agus na nuatheicneolaíochtaí, ar iarraidh ón gCoimisiún nó ar a thionscnamh féin agus i gcomhréir leis an gCoimisiún. Féadfaidh an Coimisiún aird EGE a tharraingt ar cheisteanna ar bhreithnigh Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle go bhfuil mórthábhacht eiticiúil ag baint leo.

(6) Tá cúraimí EGE fíor-riachtanach do chomhtháthú cearta agus luacha bunúsacha i mbeartais an Aontais i ngach réimse den nuálaíocht eolaíoch agus teicneolaíoch. Chuige sin, ba cheart do EGE grinnanailísí agus moltaí sonracha a fhorbairt lena dtabharfar aghaidh ar mhórdhúshláin eiticiúla i dtuairimí agus i ráitis.

(7) Ba cheart do EGE a bheith comhdhéanta de shaineolaithe cáilithe agus neamhspleácha, arna gceapadh ina gcáil phearsanta, ag gníomhú go neamhspleách agus sa leas poiblí. Maidir le roghnú na saineolaithe, ba cheart Coiste Aitheantais a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún. Beartaítear gur ar bhonn critéir oibiachtúla a dhéanfar an roghnú, tar éis glao oscailte ar iarratais a bheith ann.

([1]) Cinneadh 2016/835 (AE) ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2016 maidir le sainordú an Ghrúpa Eorpaigh Um Eitic san Eolaíocht agus sna Nuatheicneolaíochtaí a athnuachan (IO L 140, 27.5.2016, lch. 21).

(8) Ba cheart rialacha maidir le faisnéis a nochtadh ag comhaltaí EGE a leagan síos.

(9) Ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(10) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Cinneadh (AE) 2016/835 a aisghairm go foirmiúil le héifeacht ón 28 Bealtaine 2021. I ndáil leis an ngá chun forálacha an phróisis roghnúcháin agus costais chruinnithe a athbhreithniú roimh dhul in éag don sainordú faoi Chinneadh (AE) 2016/835, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha ábhartha ón lá a ghlacfar an Cinneadh,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Bunaítear an Grúpa Eorpach um Eitic san Eolaíocht agus sna Nuatheicneolaíochtaí (“EGE”).

*Airteagal 2*

**Cúram**

Is é cúram EGE comhairle neamhspleách a sholáthar don Choimisiún maidir le ceisteanna ina bhfuil baint ag gné eiticiúil, shochaíoch nó ó thaobh na gceart bunúsach de le forbairt na heolaíochta agus teicneolaíochtaí nua, ar iarraidh ón gCoimisiún nó ar a thionscnamh féin, arna chur in iúl ag a chathaoirleach agus arna aontú leis an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach.

Go háirithe, déanfaidh EGE na nithe seo a leanas:

(a) ceisteanna eiticiúla a tháinig chun cinn de bharr forbairtí san eolaíocht agus sna teicneolaíochtaí a shainaithint, a shainiú agus a scrúdú;

(b) treoraíocht chriticiúil a sholáthar chun forbairt, cur chun feidhme, agus faireachán a dhéanamh ar bheartais nó ar reachtaíocht an Aontais i bhfoirm grinnanailísí agus moltaí, arna gcur i láthair i dtuairimí agus i ráitis, a dhíreofar ar cheapadh beartas eiticiúil an Aontais a chur chun cinn, i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 3*

**Comhairliúchán**

Féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle le EGE maidir le haon cheist a bhaineann leis na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 2. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an Coimisiún aird EGE a tharraingt ar cheisteanna ar bhreithnigh Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle mórthábhacht eiticiúil a bheith ag baint leo. Rachfar i gcomhairle le EGE de réir mar a cheanglaíonn comhlachtaí eile saineolaithe arna mbunú ag an gCoimisiún é maidir le ceisteanna a bhaineann leis na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 2.

*Airteagal 4*

**Ballraíocht**

1. Suas le 15 chomhalta a bheidh in EGE.

2. Beidh cumas ag na comhaltaí sna cúraimí a leagtar amach in Airteagal 2.

3. Daoine aonair a cheapfar i gcáil phearsanta a bheidh sna comhaltaí.

([2]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

4. Gníomhóidh na comhaltaí go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail. Cuirfidh comhaltaí in iúl go tráthúil don roinn den Choimisiún a bheidh freagrach, in Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá neamhspleáchas.

5. Comhaltaí nach bhfuil in ann cuidiú go héifeachtach le pléití EGE, comhaltaí, i dtuairim na roinne den Choimisiún a bheidh freagrach, nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó comhaltaí a éireoidh as, ní bhfaighidh siad cuireadh a thuilleadh páirt a ghlacadh in aon chruinniú de chuid an ghrúpa agus féadfaidh duine arna cheapadh ag Uachtarán an Choimisiúin ó liosta na n-iarrthóirí dá dtagraítear in Airteagal 5(7) iad a ionadú ar feadh a mbeidh fágtha dá dtéarma oifige.

*Airteagal 5*

**Próiseas roghnúcháin**

1. Déanfar comhaltaí EGE a roghnú tar éis glao poiblí ar iarratais a fhoilseofar ar an gClár de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna ("an Clár de Ghrúpaí Saineolaithe"). Thairis sin, féadfar an glao ar iarratais a fhoilsiú ar mhodhanna eile, lena n-áirítear ar shuíomhanna gréasáin tiomanta. Sa ghlao ar iarratais, leagfar amach go soiléir na critéir roghnúcháin lena n-áirítear an saineolas is gá i ndáil leis an obair atá le déanamh. Is é 4 seachtaine an sprioc-am is giorra le haghaidh iarratas.

2. Na daoine aonair sin a dhéanann iarratas ar bhallraíocht, déanfaidh siad aon chúinse a nochtadh a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar coinbhleachta leasa. Go háirithe, ceanglóidh an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach ar na daoine aonair sin foirm dearbhú leasanna ("DOI") a chur faoina bráid ar bhonn na foirme caighdeánaí DOI le haghaidh grúpaí saineolaithe, chomh maith le *curriculum vitae* (CV) mar chuid dá n-iarratas. Beidh sé riachtanach foirm DOI a líonadh isteach go cuí chun a bheith incháilithe a bheith ceaptha mar chomhalta i gcáil phearsanta. Déanfar measúnú na coimhlinte leasa i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha.

3. Ceapfaidh Uachtarán an Choimisiúin Comhaltaí EGE, ar bhonn togra ón gcomhalta den Choimisiún a bheidh freagrach as an roinn den Choimisiún a chuireann rúnaíocht ar fáil do EGE, as measc speisialtóirí a bhfuil inniúlacht acu sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 2 agus a d'fhreagair an glao ar iarratais.

4. Déanfaidh Coiste Sainaitheantais faireachán ar an bpróiseas roghnúcháin. Go háirithe, tabharfaidh an Coiste Sainaitheantais cúnamh don Choimisiún comhaltaí ionchasacha EGE a shainaithint agus a roghnú agus measúnú a dhéanamh ar a n-infhaighteacht agus ar a dtoilteanas fónamh sa cháil sin. Triúr comhaltaí a bheidh sa Choiste Sainaitheantais, arna gceapadh ag an gcomhalta den Choimisiún a bheidh freagrach as an roinn den Choimisiún a chuireann an rúnaíocht ar fáil do EGE agus a bhfuil tacaíocht acu ón rúnaíocht a chuireann an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach ar fáil. Déanfaidh an Coiste Sainaitheantais measúnú ar na hiarrthóirí incháilithe ón liosta arna chur isteach ag an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach ar bhonn measúnú tosaigh a dhéanfar ar gach iarratas i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin. Cuirfidh an Coiste Sainaitheantais a mholadh chuig an gcomhalta den Choimisiún a bheidh freagrach as an roinn den Choimisiún a chuireann an rúnaíocht ar fáil do EGE.

5. Agus comhaltaí EGE á roghnú, beidh sé mar aidhm ag an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach a áirithiú go mbeidh, a oiread agus is féidir, ardleibhéal saineolais agus iolrachais, cothromaíocht ar bhonn tíreolaíoch agus inscne agus ionadaíocht chothrom ar shaineolas ábhartha agus limistéir is ábhar spéise, agus cúraimí EGE arna leagan amach in Airteagal 2, an cineál saineolais a theastaíonn agus freagra na n-iarrthóirí ar an nglao ar iarratais á gcur san áireamh.

6. Ceapfar na comhaltaí sin ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana. Fanfaidh siad in oifig nó go ndéanfar iad a ionadú nó go dtí deireadh a dtéarma oifige. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan. Beidh ballraíocht EGE teoranta do thrí théarma ar a mhéad.

7. Bunóidh an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach liosta ionadaithe iarrthóirí oiriúnacha a fhéadfar a úsáid le hionadaithe a cheapadh do na comhaltaí. Iarrfaidh an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach toiliú ar na hiarrthóirí sula gcuirfear a n-ainmneacha ar an liosta ionadaithe.

*Airteagal 6*

**An Cathaoirleach**

Toghfaidh EGE cathaoirleach agus leas-chathaoirleach nó beirt as measc a chomhaltaí ar feadh a dtéarma oifige trí thromlach simplí.

*Airteagal 7*

**Feidhmiú**

1. An roinn den Choimisiún a bheidh freagrach, ag gníomhú i ndlúthchomhar le cathaoirleach EGE, beidh sí freagrach as obair EGE a chomhordú agus a eagrú agus a rúnaíocht a chur ar fáil.

2. Féadfaidh oifigigh an Choimisiúin ó ranna eile den Choimisiún a bhfuil leas acu sna himeachtaí a iarraidh freastal ar chruinnithe EGE agus a fho-ghrúpaí.

3. Aontóidh an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach ar Chlár Oibre EGE, lena n-áirítear anailísí eiticiúla arna moladh ar thionscnamh EGE. Beidh paraiméadair na hanailíse a iarradh i ngach iarraidh ar anailís eiticiúil. Socróidh an Coimisiún teorainn ama le haghaidh na hanailíse agus comhairle EGE á lorg aige.

4. Beidh moltaí san áireamh i dtuairimí EGE. Bunófar na moltaí sin ar fhorbhreathnú ar na forbairtí is déanaí san eolaíocht agus sna teicneolaíochtaí lena mbaineann agus grinnanailís fhoriomlán ar na ceisteanna eiticiúla atá idir chamáin. Cuirfear seirbhísí ábhartha de chuid an Choimisiúin ar an eolas faoi na moltaí arna dtáirgeadh ag EGE.

5. Feidhmeoidh EGE ar bhealach coláisteach. Beidh sé mar aidhm ag na nósanna imeachta a áirithiú, bunaithe ar rialacha nós imeachta, go bhféadfaidh gach comhalta ról gníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an ghrúpa. I bprionsabal, glacfaidh an grúpa a thuairimí agus a ráitis de chomhthoil. I gcás vóta, cinnfear toradh na vótála trí thromlach simplí de na comhaltaí. Na comhaltaí a vótáil ina aghaidh nó a staon ó vótáil, beidh sé de cheart acu doiciméad ina dtugtar achoimre ar na cúiseanna lena seasamh (mar "thuairim mhionlaigh") a chur i gceangal leis an tuairim nó leis an ráiteas le hainm/hainmneacha an chomhalta easaontaigh/na gcomhalta easaontaigh.

6. Tarchuirfear gach tuairim chuig Uachtarán an Choimisiúin nó chuig ionadaí arna ainmniú ag an Uachtarán. Foilseofar gach tuairim agus cuirfear ar fáil í ar shuíomh gréasáin EGE agus déanfar í a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go díreach tar éis do EGE í a ghlacadh.

7. Tionólfar cruinnithe EGE, i bprionsabal, ar áitreabh de chuid an Choimisiúin, i gcomhréir leis na módúlachtaí agus leis an bhféilire arna socrú ag an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach. Cruinneoidh EGE ar a laghad sé huaire i rith tréimhse 12 mhí dhéag, tréimhse a mbeidh 12 lá oibre sa bhliain ar a laghad i gceist léi. Féadfar cruinnithe breise a eagrú nuair is gá, i gcomhréir leis an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach.

8. D'fhonn anailísí EGE a ullmhú agus laistigh de theorannacha na n-acmhainní atá ar fáil, féadfaidh an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach staidéir a thionscnamh chun gach faisnéis eolaíoch agus theicniúil a bhailiú agus chun dlúthnaisc a bhunú le hionadaithe ó na comhlachtaí éagsúla eitice sna Ballstáit agus i dtríú tíortha.

9. Eagróidh an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach cruinniú comhchéime poiblí chun idirphlé a chur chun cinn agus trédhearcacht a fheabhsú do gach tuairim de chuid EGE. Bunóidh EGE dlúthnaisc idir na ranna den Choimisiúin a bhaineann leis na ceisteanna a bhfuil EGE ag obair orthu.

10. I gcás ina gceanglaíonn cúinsí oibríochtúla comhairle a thabhairt ar ábhar ar leith níos tapúla ná mar a cheadófaí le glacadh tuairim, is féidir ráitis ghearra nó cineálacha eile anailíse a eisiúint, ar féidir anailís níos iomláine a dhéanamh níos déanaí i bhfoirm tuairime más gá, agus meas ar thrédhearcacht á áirithiú amhail aon tuairim eile. Foilseofar ráitis agus cuirfear ar fáil iad ar shuíomh gréasáin EGE. Mar chuid dá Chlár Oibre, i gcomhréir leis an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach, féadfaidh EGE tuairim a thabhairt cothrom le dáta, má mheasann sé go bhfuil gá leis.

11. Beidh plé EGE faoi rún. I gcomhréir leis an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach, féadfaidh EGE a bheartú, trí thromlach simplí dá chomhaltaí, a chuid pléití a oscailt don phobal.

12. Beidh miontuairiscí an phlé a dhéanfar ar gach pointe ar an gclár agus a dhéanfar ar na tuairimí arna seachadadh ag EGE fóinteach agus iomlán. Déanfaidh an rúnaíocht na miontuairiscí a dhréachtú faoi chúram an chathaoirligh.

*Airteagal 8*

**Fo-ghrúpaí**

1. Féadfaidh an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach fo-ghrúpaí a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna ar bhonn téarmaí tagartha arna sainiú ag an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach. Feidhmeoidh fo-ghrúpaí i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha agus tuairisceoidh siad chuig EGE. Déanfar an fo-ghrúpa a lánscor a luaithe a chomhlíontar a sainordú.

2. Comhaltaí na bhfo-ghrúpaí nach comhaltaí EGE iad, roghnófar iad trí ghlao poiblí ar iarratais, i gcomhréir le hAirteagal 5 agus na rialacha cothrománacha ([3]).

*Airteagal 9*

**Saineolaithe a gheobhaidh cuireadh**

1. Féadfaidh an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach cuireadh a thabhairt ar bhonn *ad hoc* do shaineolaithe agus d'ionadaithe na n-eagraíochtaí ábhartha a bhfuil saineolas nó dearcthaí sonracha acu páirt a ghlacadh in obair EGE nó in obair a fho-ghrúpaí le haghaidh malartú tuairimí maidir le hábhar ar an gclár oibre.

2. Féadfaidh an roinn den Choimisiún a bheidh freagrach dul i gcomhairle le saineolaithe seachtracha freisin chun páirt a ghlacadh in obair EGE ar bhonn *ad hoc* má mheastar é a bheith riachtanach chun réimse leathan ceisteanna eiticiúla a bhaineann le forbairtí san eolaíocht agus sna nuatheicneolaíochtaí a chumhdach.

*Airteagal 10*

**Rialacha nós imeachta**

Maidir le togra ón roinn den Choimisiún a bheidh freagrach agus i gcomhréir léi, cuirfidh EGE a chuid rialacha in oiriúint do rialacha nós imeachta trí thromlach simplí a chomhaltaí, ar bhonn rialacha caighdeánacha nós imeachta le haghaidh grúpaí saineolaithe, i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha.

*Airteagal 11*

**Rúndacht ghairmiúil agus láimhseáil faisnéis faoi rún**

Comhaltaí EGE agus comhaltaí fo-ghrúpaí, chomh maith le saineolaithe a fuair cuireadh agus comhaltaí an Choiste Sainaitheantais, tá siad faoi réir oibleagáid rúndacht phroifisiúnta is infheidhme, de bhua na gconarthaí agus na rialacha a chuireann i bhfeidhm iad, maidir le gach comhalta de chuid na n-institiúidí agus a bhfoirne, chomh maith le rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil a bhaineann le cosaint faisnéise rúnaicmithe an Aontais, arna leagan síos i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443 ([4]) agus (AE, Euratom) 2015/444 ([5]) ón gCoimisiún. Mura n-urramóidh siad na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Coimisiún gach beart cuí a ghlacadh.

---

([3]) Féach Airteagail 10 agus 14(2) de na rialacha cothrománacha.

([4]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

([5]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

*Airteagal 12*

**Trédhearcacht**

1. Clárófar EGE agus a fho-ghrúpaí agus foilseofar ainmneacha na gcomhaltaí i gClár na ngrúpaí saineolaithe.

2. Cuirfear gach doiciméad ábhartha, lena n-áirítear na cláir oibre, na miontuairiscí agus aighneachtaí na rannpháirtithe ar fáil trí Chlár na ngrúpaí saineolaithe nó trí nasc ón gClár chuig suíomh gréasáin, inar féidir an fhaisnéis sin a fháil. Ní bheidh rochtain ar shuíomhanna gréasáin tiomanta coinníollach ar chlárú úsáideoirí ná ar aon srian eile. Go háirithe, foilseofar an clár oibre agus doiciméid cúlra eile in am trátha roimh an gcruinniú, tar éis fhoilsiú tráthúil na miontuairiscí. Ní dhéanfar foráil d'eisceachtaí maidir leis an bhfoilsiú sin ach amháin i gcásanna ina meastar go ndéanfadh nochtadh doiciméid dochar do chosaint aon leasa poiblí nó príobháidí mar a shainítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

*Airteagal 13*

**Caiteachas a chomhlíonadh**

1. Ní íocfar rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí EGE agus a fho-ghrúpaí as na seirbhísí a chuireann siad ar fáil.

2. Aisíocfaidh an Coimisiún costais taistil agus chothaithe a thabhóidh rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí EGE agus a fho-ghrúpa agus comhaltaí an Choiste Sainaitheantais. Déanfar an aisíocaíocht i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm laistigh den Choimisiún agus laistigh de theorannacha na leithreasuithe atá ar fáil arna gcomhroinnt ar sheirbhísí an Choimisiúin faoi nós imeachta bliantúil chun acmhainní a chomhroinnt.

*Airteagal 14*

**Aisghairm**

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/835 le héifeacht ón 28 Bealtaine 2021.

*Airteagal 15*

**Infheidhmeacht**

Cé is moite d'Airteagal 5 agus d'Airteagal 13, beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 28 Bealtaine 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Feabhra 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43). Is é is cuspóir leis na heisceachtaí sin slándáil an phobail, gnóthaí míleata, caidreamh idirnáisiúnta, beartais airgeadais, airgeadaíochta nó eacnamaíocha, príobháideachas agus sláine an duine aonair, leasanna tráchtála, imeachtaí cúirte agus comhairle dlí, cigireachtaí/imscrúduithe/iniúchtaí agus próiseas cinnteoireachta na n-institiúidí a chosaint.